

# DARE

Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas

# Lámhleabhar 2026

Do do threorú trí d’Iarratas DARE

www.accesscollege.ie

DARE DISABILITY ACCESS ROUTE TO EDUCATION

# Na Príomhdhátaí

**Spriocdháta:**
**Dé Domhnaigh**
**1 Feabhra 2026**

**Déan iarratas chuig CAO faoi 17:00**

**Spriocdháta:**
**Dé Domhnaigh**
**1 Márta 2026**

**Comhlánaigh an Fhoirm Eolais Bhreise faoin 17:00**

**Spriocdháta:**
**Dé Máirt**
**10 Márta 2026**

**Seol do cháipéisí tacaíochta sa phost chuig CAO**

Seol do cháipéisí tacaíochta chuig:

Iarratais DARE 2026
CAO, Tower House, Sráid Eglinton, Gaillimh

faoin Máirt 10 Márta 2026.

1. Foilseofar eolas faoi Imeachtaí áitiúla eolais faoi Iarratais DARE agus HEAR in Institiúidí Ardoideachais (IA) a bheidh á reáchtáil i mí Eanáir 2026 ar **www.accesscollege.ie**.
2. Déan iarratas chuig CAO faoi, **17:00 Dé Domhnaigh 1 Feabhra 2026 ar www.cao.ie**.
3. Comhlánaigh agus cuir isteach d'Fhoirm Iarratais DARE faoin **17:00 Dé Domhnaigh 1 Márta 2026**.
4. Seol do cháipéisí tacaíochta chuig Iarratais DARE 2026, CAO, Tower House, Sráid Eglinton, Gaillimh faoin Máirt 10 Márta 2026.
5. Cuir d'ainm agus d'uimhir CAO ar gach doiciméad a sheoltar chuig an CAO.
6. Coinnigh na bunchóipeanna de na doiciméid ar fad chomh maith le cruthúnas ar phostas. Ní dhéanfaidh DARE teagmháil leat maidir le cáipéisíocht atá in easnamh, neamhiomlán nó míchruinn mar sin, cinntigh go bhfuil na cáipéisí ar fad a iarradh ar do sheicliosta curtha ar aghaidh agat faoin **Máirt 10 Márta 2026**.

Déan teagmháil le comhairleoir DARE más rud é go bhfuil aon cheist agat sula gcuirfidh tú do cháipéisíocht isteach.

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamheolas faoi DARE | 1 |
| Amlíne d'Iarratas DARE | 3 |
| Coláistí a ghlacann páirt i mDARE | 4 |
| An mbaineann DARE liom? | 5 |
| Eolas Tábhachtach faoi Iarratas DARE | 7 |
| Cuid A: Foirm Eolais Bhreise | 8 |
| Eolas faoin Iarratasóir | 10 |
| Ag Cur Tús le d'Iarratas DARE | 12 |
| Cuid B: Ráiteas Tionchair Oideachasúil | 15 |
| Critéir Tionchair Oideachasúil DARE a Bhaint Amach | 17 |
| Cuid C: Cáipéisíocht Fianaise ar Mhíchumas a Chur ar Fáil | 20 |
| Cuid D: Ráiteas Scoile | 23 |
| Treoir maidir le Cruthúnas ar do Mhíchumas a Chur ar Fáil | 23 |
| Chéad Chéimeanna Eile sa Phróiseas Iarratais | 29 |
| Téarmaí agus Coinníollacha Iarratais DARE | 31 |
| Nithe le Cuimhneamh Orthu | 34 |
| Dátaí Tábhachtacha d'Iarratas DARE | 35 |

# Réamheolas faoi DARE

## Céard é DARE?

Is éard atá i gceist le DARE ná scéim iontrálacha tríú leibhéal malartach le haghaidh daoine a d'fhág an scoil agus a raibh tionchar diúltach ag a gcuid míchumas ar a n-oideachas dara leibhéal.


Cuireann DARE áiteanna pointí laghdaithe ar fáil do dhaoine a d'fhág an scoil roimh a raibh dúshláin oideachais bhreise in oideachas dara leibhéal de bharr míchumas a bheith orthu.

## Cé atá in ann iarratas a dhéanamh ar DARE?

Tá DARE do dhaoine faoi 23 bliana d'aois ar an 1 d'Eanáir 2026 a d'fhág an scoil agus ar a bhfuil míchumas, agus a raibh tionchar ag an míchumas sin ar a n-oideachas. Is féidir na hiarratasóirí a chuireann isteach ar DARE úsáid a bhaint as a nArdteistiméireacht Éireannach, as a gcuid A-leibhéal agus/ nó cáilíochtaí AE eile.

## Cé na cineálacha míchumas a ndéanann DARE machnamh orthu?

- Neamhord Easnaimh Airde (NEA)/Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde (NHEA)
- Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (Siondróm Asperger san áireamh)
- Dall/Deacrachtaí Radhairc
- Bodhar/faoi Allaíre
- Neamhord Comhordaithe Forbartha (DCD) - Diospraicse
- Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta
- Dioscalcúile/Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta
- Riocht Meabhairshláinte
- Riocht Néareolaíoch (lena n-áirítear Gortú Inchinne agus Titimeas)
- Míchumas Fisiciúil
- Tinneas Suntasach Leanúnach
- Neamhord Cumarsáide Urlabhra agus Teanga



## Tosaíocht a thabhairt d'Iarratasóirí incháilithe DARE ar a bhfuil Míchumas Fisiciúil nó Céadfach

Fuarthas amach i dtaighde go bhfuil an scoláire ar a bhfuil míchumas fisiciúil agus céadfach (atá Dall/nach bhfuil amharc na súl go maith aige nó atá Bodhar/A bhfuil allaíre air) faoi ghannionadaíocht go suntasach in ardoideachas in Éirinn le hais scoláire eile ar fad atá faoi mhíchumas. Chun borradh a chur faoi líon na scoláirí DARE ar a bhfuil míchumais fhisiciúla agus chéadfach a chuirtear isteach chuig ardoideachas, chomhaontaigh comhghleacaithe DARE chun tús áite a thabhairt don dá ghrúpa sin agus na háiteanna pointí laghdaithe á ndáileadh.

### Eolas Tábhachtach

**Tá bealaí iontrála eile ag iarratasóirí lánfhásta agus agiarratasóirí atá ag déanamh iarratas ar bhonn torthaí Breisoideachais agus Oiliúna (BOO). Is féidir tuilleadh eolais a fháil maidir leis na bealaí iontrála seo ó shuíomhanna gréasáin coláistí agus ollscoileanna.**

## Cé na buntáistí a bhaineann le hiarratas DARE a dhéanamh?

Má chuireann tú isteach ar DARE agus má chomhlíonann tú na critéir iarratais (is é sin, go meatar go bhfuil tú incháilithe le haghaidh DARE) d'fhéadfaí áit a thairiscint duit go fiú mura bhfuil dóthain pointí Ardteistiméireachta agat le haghaidh do chúrsa ab fhearr leat. Tá líon áiteanna curtha in áirithe ag gach coláiste atá páirteach chun tairiscint d'iarratasóirí DARE ag pointí Ardteistiméireachta níos ísle.

## Cén chaoi a n-oibríonn na Pointí Íslithe?

Sampla de thairiscint laghdaithe pointí is ea sa chás gurb ionann líon na bpointí Ardteistiméireachta le haghaidh cúrsa ar leith agus 366 pointe. D'fhéadfadh áit a thairiscint d'iarratasóir incháilithe BROD Mar scór pointí níos ísle, m.sh. 356 pointe. Bheadh ar an iarratasóir céanna, ach an oiread le gach iarratasóir eile a chuirfidh isteach ar choláiste, íosmhéid na riachtanas iontrála a chomhlíonadh chomh maith le gach riachtanas cláir ar leith sula ndéanfaí machnamh air le haghaidh tairiscint pointí laghdaithe DARE. D'fhéadfadh laghdú na bpointí le haghaidh áiteanna DARE a bheith éagsúil gach bliain. Braitheann líon na bpointí a laghdaítear le haghaidh cúrsa ar leith ar roinnt cúiseanna, amhail:

- Líon foriomlán na n-áiteanna ar an gcúrsa,
- Líon na n-áiteanna ar an gcúrsa atá curtha ar leataobh do DARE,
- Líon na n-iarratasóirí incháilithe DARE atá ag dul in iomaíocht le haghaidh na n-áiteanna seo atá curtha in áirithe.

# Amlíne d'Iarratas DARE

| Dáta | Gníomh le tógáil roimh an spriocdháta |
|---|---|
| **Ó Shamhain 2025** | Iarratais CAO oscailte ón gCéadaoin 5 Samhain 2025 ag 12 meán lae.<br>1. Téigh siar ar Lámhleabhar DARE in éineacht le do thuismitheoir(í)/ chaomhnóir(í).<br>2. Déan iarratas CAO ag **www.cao.ie.**<br>3. Comhlánaigh an Fhoirm Eolais Bhreise (FEB) ag **www.cao.ie.**<br>4. Comhlánaigh do Ráiteas Tionchair Oideachasúil le do scoil.<br>5. Cruinnigh do chuid Cáipéisíochta maidir le Fianaise ar Mhíchumas. |
| **Faoin 1 Feabhra 2026** | Déan iarratas chuig CAO faoi 17:00 Dé Domhnaigh 1 Feabhra 2026. |
| **Faoin 1 Márta 2026** | Ní mór duit do mhian a chur in iúl ionas go ndéanfar meas air le haghaidh DARE ach tic a chur le 'Tá' mar fhreagra ar Cheist 1 faoi 17:00 Dé Domhnaigh 1 Márta 2026 agus Cuid A (Ceisteanna 1-5) den Fhoirm Eolais Bhreise (FEB) a chomhlánú ar **www.cao.ie.** |
| **Faoin 10 Márta 2026** | Ní mór duit an méid seo a leanas a sheoladh ar ais agus é críochnaithe, sínithe AGUS stampáilte<br>1. Ráiteas Tionchair Oideachasúil (Cuid B).<br>2. Cruthúnas ar Mhíchumas (Cuid C) nó cruthúnas eile ar Mhíchumas le haghaidh Iarratais DARE 2026, CAO, Tower House, Sráid Eglinton, Gaillimh faoi 17:00 Dé Máirt 10 Márta 2026. Cinntigh go bhfuil do chuid doiciméad soiléir agus soléite. Cuir uimhir ar gach leathanach agus scríobh d'uimhir iarratais CAO, d'ainm agus an dáta chun tosaigh ar gach leathanach.<br>Ní ghlactar le cáipéisí trí ríomhphost ná facs. |
| **Aibreán - Meitheamh 2026** | Measúnú iarratais DARE. |
| **I dtreo dheireadh mhí Meithimh 2026** | Cuirfear ar an eolas thú trí ríomhphost maidir le toradh d'iarratas DARE. |
| | Iarratas Athbhreithnithe agus Achomhairc DARE. |
| **Tús Lúnasa 2026** | Cuirfear na hiarratasóirí ar an eolas trí ríomhphost maidir le toradh an iarratais Athbhreithnithe agus Achomharc. |
| **Lúnasa 2026** | Torthaí Scrúduithe na hArdteistiméireachta.<br>Téann na hiarratasóirí incháilithe DARE in iomaíocht le haghaidh áiteanna pointí laghdaithe. Tairiscintí ón CAO chuig iarratasóirí incháilithe DARE.<br>Déantar tairiscintí cúrsa tríd an CAO agus ba cheart do dhuine glacadh leis na tairiscintí tríd an CAO freisin. |
| **Deireadh Lúnasa/ Tús Mheán Fómhair 2026** | Freastail ar an Seisiún Tionscnaimh le Seirbhísí Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas. |

# Coláistí a ghlacann páirt im DARE

| Institiúid | Guthán | Ríomhphost | Suíomh Gréasáin |
|---|---|---|---|
| **Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh** | | | |
| Campas Dhún na nGall<br>Campas na Gaillimhe<br>Campas Shligigh<br>Coláiste San Aingeal, Sligeach | (074) 918 6172<br>(091) 742 392<br>(071) 913 7355<br>(071) 917 9633 | dare@lyit.ie<br>dare.galwaymayo@atu.ie<br>dare@itsligo.ie<br>dare@stangelas.ie | www.atu.ie |
| **Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath** | (01) 700 5927 | dare@dcu.ie | www.dcu.ie/disability |
| **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire** | (01) 239 4895 | dare@iadt.ie | www.iadt.ie |
| **Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan** | (042) 937 0237 | dare@dkit.ie | www.dkit.ie |
| **Institiúid Oideachais Marino** | (01) 805 7752 | access@mie.ie | www.mie.ie |
| **Coláiste Mhuire gan Smál** | (061) 204510 | accessoffice@mic.ul.ie | www.mic.ie/access-disability |
| **Ollscoil Mhá Nuad** | (01) 708 4600 | dare@mu.ie | www.maynooth university.ie/dare |
| **Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan** | | | |
| Campas Chorcaí<br>Campas Chiarraí | (021) 433 5138<br>(066) 714 5636 | dareCork@mtu.ie<br>DareKY@mtu.ie | www.mtu.ie/access/dare |
| **An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha** | (01) 636 4200 | dare@ncad.ie | www.ncad.ie |
| **Coláiste Náisiúnta na hÉireann** | (01) 659 9269 | dare@ncirl.ie | www.ncirl.ie |
| **Ollscoil an Phápa, Má Nuad** | (01) 708 4600 | dare@mu.ie | www.mu.ie/dare |
| **Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn - Ollscoil na nEolaíochtaí Leighis & Sláinte** | (01) 402 2228 | dare@rcsi.ie | www.rcsi.ie/study |
| **Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt** | | | |
| Campas Cheatharlaigh agus Loch Garman Campas Phort Láirge | (059) 917 5600<br>(051) 302758 | DARE.CW@setu.ie<br>DARE.WD@setu.ie | www.setu.ie/study |
| **Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath** | (01) 220 5097<br>(01) 220 8618 | dare@tudublin.ie | www.tudublin.ie/dare |
| **Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne** | | | |
| Campas Bhaile Átha Luain Campas an Iarthair Láir | (090) 646 8142<br>(061) 293 112 | dare.midlands@tus.ie<br>dare.midwest@tus.ie | www.tus.ie |
| **Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath** | (01) 896 1968 | dare@tcd.ie | www.tcd.ie |
| **Coláiste na hOllscoile, Corcaigh** | (021) 490 4807 | dare@ucc.ie | www.ucc.ie/dare |
| **Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath** | (01) 716 7123 | dare@ucd.ie | www.ucd.ie/all |
| **Ollscoile na Gaillimhe** | (091) 493 553 | dare@universityofgalway.ie | www.universityofgalway.ie |
| **Ollscoil Luimnigh** | (061) 234 847 | dare@ul.ie | www.ul.ie |

# An mbaineann DARE liom?

**Le bheith incháilithe le haghaidh DARE ní mór duit na critéir DARE Tionchar Oideachasúil a chomhlíonadh chomh maith leis na critéir DARE Cruthúnas ar Mhíchumas.**

**Critéir Tionchair Oideachasúil a Chomhlíonadh** ✓ + **Critéir Fianaise ar Mhíchumas a Bhaint Amach** ✓ = **Incháilitheacht DARE**



## Critéir Tionchair Oideachasúil DARE a Bhaint Amach

An raibh tionchar ag do mhíchumas/ag d'fhadhb sláinte ort i dteannta leis na táscairí seo a leanas:

- An bhfuair tú idirghabháil nó tacaíochtaí san iarbhunscoil?
- An raibh tionchar aige ar do thinreamh nó ar chuir sé isteach ar do lá scoile go rialta?
- Ar chuir sé isteach ar do thaithí scoile agus ar d'fholláine?
- An raibh tionchar aige ar do chuid foghlama nó ar do thorthaí scrúduithe?
- An raibh aon tionchar oideachasúil eile aige?
- **Riachtanach i gcás iarratasóirí ar a bhfuil Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta nó Dioscalcúile/ Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta: an bhfuil tionchar suntasach aige ar do scóir litearthachta agus uimhearthachta?**

Ní mór do na hiarratasóirí ar a bhfuil Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta nó Dioscalcúile/Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta **Táscaire 6 a chomhlíonadh chomh maith le táscaire amháin eile.**

Ní mór do gach iarratasóir eile **aon mheascán de dhá tháscaire a chomhlíonadh ó Tháscairí 1 go dtí 5.**

Féach ar leathanaigh **15-19 den lámhleabhar seo** chun féachaint ar an gcáipéisíocht a chaithfidh tú a chur isteach.

## Critéir Fianaise ar Mhíchumas DARE a Bhaint Amach

Tá riachtanais ar leith ag DARE maidir leis an gcáipéisíocht chruthúnais ar mhíchumas i gcás gach cineáil míchumais nó faidhbe sláinte. Féach ar leathanaigh 20-26 den lámhleabhar seo chun féachaint ar an gcáipéisíocht a chaithfidh tú a chur isteach.

Tá eolas mionsonraithe ar fáil maidir leis na critéir chruthúnais ar mhíchumas a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar do cháipéisíocht chruthúnais ar mhíchumas faoin gCuid dar teideal Cruthúnas ar do Mhíchumas a Chur ar Fáil ar **www.accesscollege.ie/dare.**

### Treoracha Tábhachtacha

**Faigh cúnamh ó do thuismitheoirí/do chaomhnóirí agus úsáid an lámhleabhar seo chun cuidiú leat d'iarratas DARE a chomhlánú.**

# Eolas Tábhachtach faoi Iarratas DARE

## Cén chaoi a gcuirtear isteach ar DARE?

**Le cur isteach ar DARE, caithfear aontú le Téarmaí agus Coinníollacha DARE (féach leathanach 31). Caithfidh iarratasóirí a chuireann isteach ar DARE na céimeanna seo a leanas a chomhlíonadh:**

| Spriocdháta | Gníomh le tógáil roimh an spriocdháta |
|---|---|
| **1 Eanáir 2026** | A bheith faoi 23 bliain d'aois ar an **1 Eanáir 2026.** |
| **1 Feabhra 2026** | Déan iarratas chuig CAO faoi 17:00 **Dé Domhnaigh 1 Feabhra 2026**. |
| **1 Márta 2026** | Ní mór duit do mhíchumas a nochtadh i d'iarratas CAO níos luaithe ná 17:00 Dé Domhnaigh 1 Márta 20266 agus Cuid A den Fhoirm Eolais Bhreise a chur i gcrích go hiomlán agus i gceart (FEB). Chun iarratas a dhéanamh ar DARE, **ní mór duit TÁ a thabhairt mar fhreagra ar Cheist 1 ('An bhfuil tú ag iarraidh go ndéanfaí machnamh ort le haghaidh DARE?') ar Chuid A den FEB atá comhlánaithe go hiomlán faoi 17:00 Dé Domhnaigh 1 Márta 2026**. |
| **10 Márta 2026** | Íoslódáil Cuid B - Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO) agus iarr ar do scoil an fhoirm a chomhlánú. Seol an RTO ar ais chuig CAO ionas go mbainfidh sé an ceann scríbe amach faoi **17:00 ar an Máirt 10 Márta 2026**. |
| **10 Márta 2026** | Íoslódáil Cuid C Cruthúnas ar Mhíchumas, agus iarr ar an ngairmí leighis é a chomhlánú (mura bhfuil tuarascáil agat cheana féin a fhíoraíonn go gcomhlíonann do mhíchumas critéir DARE). Seol ar ais chuig CAO é ionas go mbainfidh sé an ceann scríbe amach faoi **17:00 ar an Máirt 10 Márta 2026.** Iarrtar ar na hiarratasóirí ar a bhfuil Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta nó Dioscalcúile/Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta Tuarascáil Iomlán Mheasúnachta Síceolaíochta arna comhlánú ag síceolaí cáilithe cuí a chur ar fáil seachas Cuid C den Fhoirm darb ainm Cruthúnas ar Mhíchumas. |
| **10 Márta 2026** | Sa chás go bhfuil an t-iarratasóir ag cur iarratas isteach faoin gcatagóir Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta, ach nach bhfuil Tuarascáil Mheasúnachta Shíceolaíoch aige, ba cheart don iarratasóir Cuid D a íoslódáil (Ráiteas Scoile), agus iarraidh ar an scoil an ráiteas seo a chomhlánú agus é a sheoladh ar ais chuig an CAO ionas go mbainfidh sé an ceann scríbe amach faoi **17:00 Dé Máirt 10 Márta 2026.**<br>Ní mór tuarascáil shíceolaíochta/Cuid D a chur isteach i dteannta le **scóir ghnóthachtála ó thástáil a dhéanamh laistigh den teorainn ama riachtanach de réir do scoile agus/nó de réir síceolaí atá cáilithe go cuí.** |

Spriocdháta:
1 Márta
2026

Cuid A

# Foirm Eolais Bhreise (FEB)

Níor cheart go dtógfadh Cuid A níos faide nó 5 nóiméad le comhlíonadh ar líne. Tá cúig cheist ann.

**Is ar mhaithe le léiriú amháin atá na híomhánna sa lámhleabhar seo, ticbhoscaí agus táblaí san áireamh - téigh chuig www.cao.ie chun an fhoirm oifigiúil ar líne a líonadh.**


## Eolas faoin Iarratasóir

Déanann tusa, an t-iarratasóir Cuid A a chomhlánú, agus iarrtar eolas ort sa chuid chéanna maidir le do mhíchumas, chomh maith leis na tacaíochtaí a fuair tú sa dara leibhéal agus an chaoi a raibh tionchar ag do mhíchumas ar d'oideachas. Is gá Cuid A a chríochnú faoi **17:00 Dé Domhnaigh 1 Márta 2026.**

### Féach ar ár dtreoir céim ar chéim maidir le heolas a sholáthar ar ár bhFoirm Eolais Bhreise do DARE.

Úsáid na grafaicí ar an bhfoirm iarratais CAO thíos mar threoir chun rochtain a fháil ar an bhfoirm FEB agus chun iarratas a dhéanamh ar DARE.

Tá an leagan samplach den iarratas CAO ar fáil ar Chuid na nAcmhainní don Scoláire den leathanach gréasáin www.cao.ie (**www.cao.ie/?page=demo).**




### Sonraí Logáil Isteach ar m'Iarratas 2026

### CÉIM 1

Logáil isteach ar d'iarratas CAO agus scrolláil síos go bhfeice tú an chuid faoi Mhíchumas.

## CÉIM 2

Cliceáil ar an gcnaipe Stádais 'Athraigh Stádas Míchumais (& Iarratas DARE)' ar an bhfoirm iarratais ar líne agus lean na treoracha a chuirtear ar fáil.

**Míchumas**

Dá mba mhaith leat míchumas a nochtadh nó iarratas a dhéanamh ar an mBealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE), cliceáil ar an gcnaipe "Athraigh Míchumas" thíos.

**Athraigh an Stádas Míchumais (agus an tIarratas DARE)**

## CÉIM 3

Cliceáil **Tá** agus ansin roghnaigh **'Nuashonraigh Rogha'**.

**Míchumas**

Dá mba mhaith leat do mhíchumas a nochtadh, roghnaigh "tá" agus cliceáil ar an gcnaipe 'Nuashonraigh Rogha' thíos. Iarrfar ort ansin an Fhoirm Eolais Bhreise a chomhlánú.

Míchumas: **Tá** ◯ Níl ◯

**Cuir ar Ceal** **Nuashonraigh Rogha (sonraí ar bith)**

## CÉIM 4

Cliceáil 'Foirm Eolais Bhreise (agus déan iarratas ar DARE)'. Osclófar an fhoirm FEB ar an gcaoi sin.

**Míchumas**

Chuir tú in iúl go bhfuil tú faoi Mhíchumas.
Dá mba mhaith leat tuilleadh eolais a chur ar fáil maidir le do Mhíchumas agus/nó iarratas a dhéanamh ar **DARE** comhlánaigh an Fhoirm Eolais Bhreise (FEB) thíos.

Is féidir treoracha a fháil chun an FEB a chomhlánú a fháil sa chuid seo a leanas.

**Foirm Eolais Bhreise (agus déan iarratas ar DARE)**

## CÉIM 5

Comhlíon Cuid A - Foirm Eolais Bhreise.

## Cuid A

# Eolas faoin Iarratasóir

**CEIST 1** An bhfuil tú ag iarraidh go ndéanfaí machnamh ort le haghaidh DARE?

**CEIST 1(b)** Incháilitheacht le tabhairt ar aghaidh ó 2025 go dtí 2026.

### Bealaí Iontrála Breise

**C.1 An bhfuil tú ag iarraidh go ndéanfaí machnamh ort le haghaidh DARE?** **Tá** ◯ Níl ◯

Le bheith incháilithe le haghaidh DARE, ní mór go raibh tionchar diúltach ag do mhíchumas ar d'oideachas dara leibhéal. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Critéir Incháilithe DARE féach www.accesscollege.ie.

Deimhním gur léigh mé na téarmaí agus coinníollacha agus go nglacaimse leo de réir mar atá siad leagtha amach thíos ach 'tá' a chliceáil. Toilím gur féidir mo chuid sonraí a úsáid mar a shonraítear sna téarmaí agus coinníollacha.

**C.1(b) Tabhairt ar Aghaidh Incháilitheacht DARE**

Má rinne tú iarratas ar CAO in 2025 agus má mheasadh go raibh tú incháilithe le haghaidh DARE in 2025, cuir isteach d'uimhir iarratais sa bhosca seo. Mura ndearna, fág bán é.

Uimhir Iarratais CAO 2025: ____________

**CEIST 2** Roghnaigh do **phríomh-mhíchumas.**

**C.2 Cuir do phríomh-mhíchumas in iúl agus cuir isteach ainm d'fhaidhbe sláinte nuair a iarrtar é sin:**

- ◯ Neamhord Easnaimh Airde (NEA)/Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde (NHEA)
- ◯ Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (Siondróm Asperger san áireamh)
- ◯ Dall/Deacrachtaí Radhairc
- ◯ Bodhar/faoi Allaíre
- ◯ Neamhord Comhordaithe Forbartha (DCD) - Diospraicse
- ◯ Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta
- ◯ Dioscalcúile/Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta
- ◯ Riocht Meabhairshláinte
- ◯ Riocht Néareolaíoch (lena n-áirítear Gortú Inchinne agus Titimeas)
- ◯ Míchumas Fisiciúil
- ◯ Tinneas Suntasach Leanúnach
- ◯ Neamhord Cumarsáide Urlabhra agus Teanga

## CEIST 3 Roghnaigh aon **mhíchumas eile**.

**C.3 An bhfuil aon mhíchumas eile ort?** **Tá** ◯ Níl ◯

## CEIST 4 **Roghnaigh tacaíochtaí** a fuair tú/a d'fhéadfadh a bheith uait

**C.4 Liostaigh na tacaíochtaí a fuair tú sa dara leibhéal. Liostaigh na tacaíochtaí freisin a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait sa tríú leibhéal.**

| Cineál Tacaíochta | Tacaíochtaí a fuarthas ag an dara leibhéal | | Tacaíochtaí a theastaíonn ag an tríú leibhéal | |
|---|---|---|---|---|
| Lóistín Inrochtana | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |
| Formáid Phriontála Mhalartach | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |
| Teicneolaíocht Chúnta | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |
| Seisiún Tionscnaimh maidir leis an gCampas | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |
| Comhairleoireacht | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |
| Tacaíocht Disléicse | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |
| Tacaíocht Scrúdaithe | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |
| Tacaíocht Foghlama | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |
| Glacadóir Nótaí | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |
| Cúntóir Pearsanta | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |
| Comharthóir Ateangaireachta | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |
| Iompar | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |
| Rochtain do Chathaoir Rotha | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |
| Eile - sonraigh thíos: | | | | |
| | Fuair ◯ | Ní bhfuair ◯ | Teastaíonn ◯ | Ní theastaíonn ◯ |

## CEIST 5 Comhlíon do **Ráiteas Pearsanta**.

**C.5 Leagtar amach sa Ráiteas Pearsanta, i do thuairim féin, tionchar do mhíchumais ar d'oideachas.**

**Brúigh na cnaipí Sábhála agus tú ag comhlíonadh na foirme.**



# Ag Cur Tús le d'Iarratas DARE

Thíos tá sleachta a tógadh ó iarratas ar líne DARE, tá an t-eolas seo curtha isteach againn le cuidiú leat ullmhú le hiarratas a dhéanamh ar DARE.

## CEIST 1

### An bhfuil tú ag iarraidh go ndéanfaí machnamh ort le haghaidh DARE?

**Má chliceálann tú 'Tá', go bhfuil tú ag iarraidh go ndéanfaí machnamh ort le haghaidh DARE, ciallaíonn sé sin chomh maith gur léigh tú agus go nglacann tú le Téarmaí agus Coinníollacha DARE** (féach leathanach 31). Toilíonn tú freisin gur féidir do shonraí a úsáid mar a shonraítear sna téarmaí agus coinníollacha.

Má roghnaíonn tú 'Níl' i gcás Ceist 1, ní dhéanfar machnamh ar d'iarratas le haghaidh DARE go fiú sa chás gur mhaith leat cáipéisí tacaíochta a chur isteach. Is féidir leat tairbhe a bhaint as tacaíochtaí míchumais i gcónaí sa choláiste sa chás go bhfaighfeá cead iontrála.

## CEIST 1(b)

### Incháilitheacht DARE a thabhairt ar aghaidh ó 2025 go dtí 2026

Ní bhaineann an chuid seo ach le hiarratasóirí a rinne iarratas DARE agus a bhí incháilithe in 2025 (m.sh. iarratasóirí atá ag tabhairt faoin Ardteistiméireacht an athuair nó atá ag glacadh le cead iontrála a cuireadh siar in 2025). Ná comhlánaigh an chuid seo ach amháin, sa chás gur chuir tú isteach ar DARE in 2025 AGUS go raibh tú incháilithe le haghaidh DARE in 2025.

Cuirtear incháilitheacht le haghaidh DARE ar aghaidh bliain AMHÁIN a fhad is go ndéanfaidh tú an méid seo a leanas:

- Iarratas a dhéanamh chuig CAO faoi 17:00 **Dé Domhnaigh 1 Feabhra 2026,**
- Do mhíchumas agus/nó Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta nó Dioscalcúile/Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta a nochtadh i d'iarratas CAO níos luaithe ná 17:00 **Dé Domhnaigh 1 Márta 2026** agus Cuid A den Fhoirm Eolais Bhreise a chur i gcrích go hiomlán agus i gceart (FEB). **TÁ a thabhairt mar fhreagra ar Cheist 1 ('An bhfuil tú ag iarraidh go ndéanfaí machnamh ort le haghaidh DARE?') ar Chuid A den FEB atá comhlánaithe go hiomlán faoi 17:00 Dé Domhnaigh 1 Márta 2026,**
- D'uimhir chruinn CAO 2025 a sholáthar faoi Cheist 1(b).

Cuireadh toradh d'iarratas DARE 2025 in iúl duit ar ríomhphost i mí an Mheithimh 2025.
Má rinne tú iarratas ar CAO in 2025 agus má mheasadh go raibh tú incháilithe le haghaidh DARE in 2025, is féidir d'incháilitheacht DARE a thabhairt ar aghaidh chuig d'iarratas 2026. Ní mór duit d'uimhir CAO 2025 chruinn a chur isteach sa bhosca atá ar fáil.

Éilítear ort fós gach cuid ábhartha a chomhlánú den fhoirm FEB 2026 (Cuid A), ach ní gá duit Ráiteas Tionchair Oideachasúil (Cuid B) a chur ar fáil ná Cruthúnas ar Mhíchumas (Cuid C) mar chuid de d'iarratas. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an deasc chabhrach CAO má theastaíonn eolas uait faoi d'incháilitheacht DARE 2025.

Ní mór duit a bheith níos óige ná 23 bliana d'aois ar an 1 Eanáir 2026 chun incháilitheacht DARE a thabhairt ar aghaidh ó 2025 go 2026.

## CEIST 2

### Do Phríomh-Mhíchumas

Iarrtar ort faoi Cheist 2 do phríomh-mhíchumas a léiriú. Más rud é go bhfuil níos mó ná míchumas amháin ort, ba cheart duit do phríomh-mhíchumas a lua, is é sin an míchumas is mó a raibh tionchar aige ar d'eispéireas oideachasúil. Ní féidir ach príomh-mhíchumas amháin a roghnú.

## CEIST 3

### Do chuid Míchumas Eile

Iarrtar ort faoi Cheist 3 eolas a thabhairt faoi aon mhíchumas eile atá ort. Tá sé sin tábhachtach de bharr gur féidir measúnú a dhéanamh ar do mhíchumais ar fad maidir le hincháilitheacht faoi DARE sa chás go gcuirfeá an cháipéisíocht cheart ar fáil i gcás gach míchumais. Is féidir níos mó ná míchumas amháin a roghnú faoin gceist seo.

## CEIST 4

### Tacaíochtaí

Iarrtar ort i gceist 4 na tacaíochtaí ar fad a fuair tú le linn d'oideachais dara leibhéal a liostú chomh maith leis na tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait in oideachas tríú leibhéal. Ná ticeáil ach na tacaíochtaí a fuair tú in oideachas dara leibhéal agus na cinn atá riachtanach in oideachas tríú leibhéal dar leat.

## CEIST 5

### Ráiteas Pearsanta

Is deis é seo duit le hinsint dúinn faoin eispéireas a bhí agat ar scoil agus faoi na dúshláin a bhí romhat. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis an méid sin mar a d'éirigh leat sna scrúduithe, rochtain ar théacsanna/ar ábhair, fadhbanna maidir le cuimhne/le haird a choinneáil ar ábhar, spriocdhátaí a bhaint amach, freastal, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim agus/nó na tacaíochtaí a theastaigh uait de bharr an tionchair a bhí ag do mhíchumas ar d'oideachas (ach níl sé teoranta dóibh sin).

## Cén chaoi a n-úsáidtear mo ráiteas pearsanta?

Is iad na Baill Foirne Tacaíochta Míchumas is mó a úsáideann an ráiteas pearsanta i gcoláistí chun cabhrú leo a dheimhniú cé na tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait sa choláiste. D'fhéadfadh DARE é a úsáid freisin chun cur leis an eolas a chuireann tusa agus do scoil ar fáil mar chuid den Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO).


### Treoracha Tábhachtacha



- **Tá Ceist 1 an-tábhachtach de bharr go gcaithfidh tú tic a chur le Tá agus an Cnaipe Cuir Isteach a chliceáil roimh 17:00 Dé Domhnaigh 1 Márta 2026 ionas go ndéanfaí machnamh ort le haghaidh DARE.**
- **Cinntigh go gcliceálann tú ar an gcnaipe 'CUIR ISTEACH' nuair a bheith tú críochnaithe le d'fhoirm iarratais DARE.**
- **Má shábháil tú d'fhoirm iarratais DARE, ná dearmad í a CHUR ISTEACH faoin Domhnach 1 Márta 2026.**
- Lena chinntiú gur chomhlánaigh tú d'iarratas ar líne i gceart (Ceisteanna 1-5),
  - Téigh chuig www.cao.ie
  - Cliceáil ar m'Iarratas
  - Cuir isteach do chuid sonraí logála
  - Seiceáil an t-eolas atá curtha isteach agat
  - Is féidir leat athruithe a dhéanamh ar d'iarratas DARE go dtí 17:00 Dé Domhnaigh an 1 Márta 2026.
- **Mura bhfuil tú in ann an fhoirm Iarratas CAO ar líne a chomhlánú, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an CAO go díreach chun foirm iarratais a fháil ar pháipéar trí chliceáil ar an gcnaipe 'Déan Teagmháil Linn' ar www.cao.ie.**
- **I gcás iarratasóirí atá ag tabhairt incháilitheacht DARE ar aghaidh, Ní mór do na hiarratasóirí sin tic a chur leis an mbosca 'Téarmaí agus Coinníollacha' lena dheimhniú go bhfuil an t-eolas ar fad a thug tú cruinn agus go gcomhlíonfaidh tú rialacháin an CAO. Ní mó duit 'CUIR ISTEACH' a bhrú chun d'iarratas tabhairt ar aghaidh incháilitheachta a chur i gcrích.**

### Leideanna don Ráiteas Pearsanta

- Is féidir pointí urchair a úsáid.
- Scríobh do ráiteas pearsanta agus sábháil é i gcáipéis Word/i ndoiciméad téacs.
- Is féidir leat an téacs a chóipeáil isteach i gceist 5 ar líne.
- Is féidir an ráiteas a choinneáil gonta.



**Spriocdháta:**
**10 Márta 2026**

Cuid B

# Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO)

Cuireann an Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO) ar do chumas agus ar chumas do scoile sonraí a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a raibh tionchar ag do mhíchumas ar d'eispéireas in oideachas dara leibhéal. Úsáidtear an Ráiteas Tionchair Oideachasúil lena dhéanamh amach an gcomhlíonann tú critéir DARE maidir le tionchar oideachasúil do mhíchumais. Tá an Ráiteas Tionchair Oideachasúil áisiúil freisin chun tacaíochtaí cuí a shainaithint ag oideachas tríú leibhéal.

Ba cheart don mhúinteoir ceart i do scoil an seicliosta RTO a chur i gcrích leat. Ba cheart go bhfeidhmeodh do fhreagra ar gach ceann de na ceisteanna seo mar threoir don mhúinteoir chun rogha a dhéanamh faoin eolas a d'fhéadfadh a bheith air/uirthi a fháil chun an chuid eile den RTO a chur i gcrích. Ba cheart go mbeadh an duine a chuirfidh an fhoirm i gcrích ar an eolas maidir le tionchar do mhíchumais ar a fheabhas agus a éiríonn leat go hacadúil agus ar do rannpháirtíocht ag oideachas an dara leibhéal.

Ní mó duit amharcóir PDF a bheith suiteáilte ar do ríomhaire sula mbeidh tú in ann foirm PDF a úsáid. Is féidir le do scoil an fhoirm a chomhlánú ar ríomhaire pearsanta/ar ríomhaire glúine agus/nó is féidir í a phriontáil agus í a chomhlánú de láimh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus d'fhoirm RTO a íoslódáil ó Access College: **www.accesscollege.ie/dare-supportingdocuments.**

## An Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO) a Chomhlíonadh

Ní mór do dhuine de na daoine seo a leanas comhordanáidiú a dhéanamh ar an gcuid seo:

- Do Threoirchomhairleoir
- Do Mhúinteoir Tacaíochta Foghlama
- Do Cheann Bliana
- Do Mhúinteoir Cuartaíochta (i gcás iarratasóirí atá Dall/nach bhfuil radharc na súl go maith acu nó atá Bodhar/nach bhfuil an éisteacht go maith acu)
- Do Leas-Phríomhoide Scoile
- Do Phríomhoide Scoile

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach dócha go mbeidh na 6 chuid ar fad den RTO ábhartha duitse. Ag brath ar an sórt míchumais agus ar an gcaoi ar imir an míchumas céanna tionchar ar d'eispéireas oideachasúil féin, d'fhéadfadh roinnt codanna a bheith ábhartha agus codanna eile a bheith neamhábhartha.

D'fhéadfadh go mbeadh ar an múinteoir a chomhlánóidh an fhoirm dul i gcomhairle le múinteoirí eile sa scoil ionas gur féidir leo na ceisteanna maidir le tionchar do mhíchumais a fhreagairt go cruinn. Más rud é go bhfuil tú ag déanamh do chuid scolaíocht sa bhaile, féach an chuid Ceisteanna Coitianta ar **www.accesscollege.ie** chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an méid a chaithfidh tú a chur isteach.


## Seicliosta don Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO)

Ba cheart don mhúinteoir cuí i do scoil é sin a chomhlánú tar éis dó/dí dul i gcomhairle leat. Leagann sé sin amach, i do thuairim féin, an tionchar a bhí ag do mhíchumas ar d'oideachas. Ba cheart go bhfeidhmeodh do fhreagra ar gach ceann de na sé cheist mar threoir do do mhúinteoir chun rogha a dhéanamh faoin eolas a d'fhéadfadh a bheith le fáil chun an chuid eile den fhoirm a chur i gcrích.

## Seicliosta (RTO)

Fiafraigh den iarratasóir: An raibh tionchar ag do mhíchumas/ag d'fhadhb shláinte ar d'eispéireas oideachasúil ar aon cheann de na bealaí seo a leanas? Déan taifead ar a f(h)reagra ar gach ceann acu seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 1. An bhfuil sé fíor gur theastaigh tacaíochtaí uaim agus go bhfuair mé tacaíochtaí i láithreacha scoile nó scrúdaithe. | Tá ◯ | Níl ◯ |
| 2. Cuireadh isteach ar mo thinreamh scoile nó ranga. | Cuireadh ◯ | Níor cuireadh ◯ |
| 3. Bhí tionchar aige ar m'eispéireas iomlán ar scoil. | Bhí ◯ | Ní raibh ◯ |
| 4. Bhí tionchar aige ar mo thorthaí scrúduithe scoile agus ar m'fhoghlaim. | Bhí ◯ | Ní raibh ◯ |
| 5. Chuir sé isteach ar chúrsaí oideachais eile nach bhfuil liostaithe thuas. | Chuir ◯ | Níor chuir ◯ |
| 6. Tá Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta nó Dioscalcúile/Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta agus chuir an méid sin isteach ar mo chumas litearthachta agus/nó uimhearthachta. | Tá agus chuir ◯ | Níl nó níor chuir ◯ |



# Céimeanna chun an Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO) a chomhlíonadh (EIS)

- Ba cheart duitse nó do do mhúinteoir an Ráiteas Tionchair Oideachasúil a íoslódáil ó **www.accesscollege.ie/dare-supportingdocuments.**
- Ansin, is faoi do scoil atá sé an fhoirm a chomhlánú agus na leathanaigh ar fad a phriontáil.
- Ba cheart duit féin agus do thuismitheoir/chaomhnóir an fhoirm a shíniú.
- NÍ MÓR do do phríomhoide scoile agus do do leas-phríomhoide an fhoirm a shíniú AGUS a stampáil.

# Critéir Tionchair Oideachasúil DARE a Bhaint Amach

Chun critéir thionchair oideachasúil DARE a chomhlíonadh, ní mór do na hiarratasóirí an meascán ceart de dhá cheann de na táscairí tionchair oideachasúil seo a leanas a chomhlíonadh.

## 1. Idirghabháil agus Tacaíochtaí

- An bhfuil sé fíor go bhfuair tú tacaíocht bhreise ar scoil de bharr thionchar do mhíchumais? **NÓ**
- Ar tugadh oiriúntais scrúdaithe duit don Ardteistiméireacht?

## 2. Tinreamh agus Cur Isteach

- An bhfuil sé fíor gur chaill tú líon suntasach laethanta scoile de bharr do mhíchumais? **NÓ**
- An bhfuil sé fíor gur chaill tú líon suntasach ranganna nó nach raibh tú in ann cúrsa na laethanta iomlána scoile a sheasamh? Seans gurb éard is cúis leis sin ná, mar shampla, riachtanais cúraim phearsanta, cruinnithe le haghaidh tacaíocht foghlama, tuirse nó go bhfágann do mhíchumas nó d'fhadhb shláinte ná go gcaithfidh tú sosanna a ghlacadh ó ranganna.

## 3. Taithí Scoile agus Folláine

- An bhfuil sé fíor gur cuireadh bac ar do phoitéinseal chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht seach-churaclaim mar thoradh ar do mhíchumas/ar d'fhadhb shláinte? **NÓ**
- An bhfuil sé fíor gur theastaigh uait agus go bhfuair tú tacaíocht de bharr tionchar mothúchánach do mhíchumais/d'fhaidhbe sláinte ag staid ar bith le linn duit a bheith i mbun oideachas dara leibhéal? **NÓ**
- An bhfuil sé fíor go nglacann sé méid suntasach ama ort obair scoile a chur i gcrích/staidéar a dhéanamh de bharr thionchar d'fhaidhbe sláinte? NÓ an bhfuil an t-am atá agat le haghaidh obair scoile/ staidéir teoranta de bharr go gcaithfidh tú déileáil le do mhíchumas/le d'fhadhb shláinte?

## 4. Foghlaim agus Torthaí Scrúduithe

- Dá bhfaigheadh do mhíchumas smacht ort (nó dá n-éireodh an míchumas nó an fhadhb shláinte níos measa) le linn duit a bheith ar scoil, an bhfuil sé fíor go raibh tionchar aige seo ar do thorthaí scrúdaithe? **NÓ**
- An bhfuil sé fíor gur faoi deara do do mhíchumas, dúshláin bhreise a bheith romhat le hais do pháirtithe ranga maidir le hobair bhaile a chur i gcrích, staidéar a dhéanamh le haghaidh scrúduithe, páirt a ghlacadh i rang nó maidir le rochtain a fháil ar an gcuraclam? **NÓ**
- An bhfuil sé fíor go bhfreastalaíonn tú ar scoil a dtugtar tacaíocht di nó ar scoil speisialaithe m.sh. Scoil do Dhaoine Bodhra?

## 5. Tionchar Oideachasúil Eile

- An bhfuil tionchar oideachais eile ann a bhaineann le do mhíchumas nach bhfuil luaite faoi aon cheann de na codanna roimhe seo thuas?

## 6. Scóir Ghnóthachtála Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta:

- An bhfuil sé fíor go bhfuil dhá scór litearthachta agat ag an 10ú peircintíl nó faoina bun ó thástáil a rinneadh ar an 1 Feabhra 2024 nó ina dhiaidh sin?

### Scóir Ghnóthachtála Dioscalcúile/Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta

- An bhfuil sé fíor go bhfuil dhá scór litearthachta agat ag an 10ú peircintíl nó faoina bun ó thástáil a rinneadh ar an 1 Feabhra 2024 nó ina dhiaidh sin?

Ní mór do na hiarratasóirí ar a bhfuil Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta nó Dioscalcúile/Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta Táscaire 6 a chomhlíonadh chomh maith le táscaire amháin eile chun critéir Tionchair Oideachasúil DARE a bhaint amach. Ní mór do gach iarratasóir eile aon mheascán de dhá tháscaire a chomhlíonadh ó Tháscairí 1 go dtí 5 chun na critéir Tionchair Oideachasúil DARE a bhaint amach.



## Ní mór duit Ráiteas Tionchair Oideachasúil (RTO) ó d'iar-bhunscoil reatha a chur isteach

- Mura bhfuil tú ag freastal ar scoil ar bith a thuilleadh ba cheart duit RTO a chur isteach ón iar-bhunscoil is déanaí ar fhreastail tú uirthi. **Ní dhéanfar machnamh ar fhoirmeacha RTO a chomhlánaigh coláiste BOO agus incháilitheacht DARE á meas.**

- Murar fhreastail tú ar do scoil reatha ar feadh na tréimhse iomláine de d'oideachas iar-bhunscoile AGUS mura dtugann an RTO ón scoil seo cuntas iomlán ar thionchar oideachasúil do mhíchumais (.i. ní féidir leis an scoil eolas leordhóthanach a chur ar fáil duit ionas go ndéanfaí machnamh ort faoi dhá tháscaire nó níos mó), ba cheart duit an dara RTO a chur isteach ó do scoil roimhe seo.

### Treoracha Tábhachtacha

Nuair a phriontálfaidh do scoil an fhoirm, ba cheart duit agus do thuismitheoir/do chaomhnóir (más rud é go bhfuil tú faoi bhun 18 mbliana d'aois ar an 1 Eanáir 2026) an fhoirm a shíniú le tabhairt le fios go bhfuil tú sásta go raibh an t-ábhar cruinn agus go bhfuil an fhoirm comhlánaithe go hiomlán.

Caithfidh an fhoirm seo a bheith sínithe ag príomhoide na scoile nó ag an leas-phríomhoide agus caithfidh stampa na scoile a bheith san áireamh.

Níl cead ag na hiarratasóirí athrú a dhéanamh ar an RTO tar éis dó a bheith sínithe ag an bpríomhoide/ ag an leas-phríomhoide. Le linn phróiseas measúnaithe DARE, sa chás go bhfuil amhras ann faoi bharántúlacht RTO, d'fhéadfadh measúnóirí DARE teagmháil a dhéanamh le scoileanna chun an t-eolas a cuireadh isteach a fhíorú. Más rud é go bhfaightear amach gur athraigh aon iarratasóir an RTO, measfar go bhfuil an ráiteas neamh-incháilithe.

Tá sé de fhreagracht ORTSA an t-iarratasóir a chinntiú go sroichfidh an Ráiteas Tionchair Oideachasúil a sheoltar chuig an CAO an ceann scríbe faoin Máirt 10 Márta 2026.

Spriocdháta:
10 Márta
2026

Cuid C

# Cáipéisíocht Fianaise ar Mhíchumas a Chur ar Fáil

## Éilítear ort i gcás DARE cruthúnas ar do mhíchumas a chur ar fáil mar chuid de d'iarratas

**Is féidir an Fhoirm Chruthúnais ar Mhíchumas 2026 a íoslódáil ón leathanach seo a leanas: www.accesscollege.ie/dare-supportingdocuments**

Úsáideann DARE do cháipéisíocht mhíchumais lena dheimhniú an gcomhlíonann tú cruthúnas DARE ar na critéir mhíchumais agus na critéir iomlána incháilitheachta DARE más ea. I dteannta leis an méid sin, úsáideann coláistí agus ollscoileanna DARE é chun na cineálacha tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait a dheimhniú nuair a bheith tú i mbun cúrsa i gcoláiste. Ní bheidh d'iarratas críochnaithe nó go gcuirfidh tú cruthúnas ar fáil ar do mhíchumas faoin **Máirt 10 Márta 2026**. Dá mba mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoi chritéir incháilitheachta DARE féach leathanaigh 1-6 den lámhleabhar seo nó téigh chuig **www.accesscollege.ie.**

## Do Chruthúnas ar Mhíchumas a fháil déanta ag an nGairmí Cuí

Déan cinnte den mhéid seo a leanas agus tú ag cur isteach an cháipéisíocht mhíchumais:

- gur chomhlánaigh agus gur shínigh an gairmí cuí í (tá liosta de na gairmithe cuí i gcás gach cineáil míchumais le fáil ar leathanaigh 23-26),
- gur chomhlánaigh an gairmí cuí gach cuid den fhoirm,
- tá an scríbhneoireacht ar an bhfoirm soléite,
- go bhfuil diagnóis shoiléir ar do mhíchumas ann. Ní leor cáipéisíocht nach ndéanann tagairt ach do dhiagnóis tosaigh nó dhóchasach, nó do dhiagnóis roimhe sin,
- go gcuimsítear leis an gcáipéisíocht stampa an ghairmí chuí NÓ go bhfuil sé ar pháipéar ceannteidil NÓ go bhfuil cárta gnó san áireamh léi.

## Cineálacha Cruthúnais Inghlactha ar Mhíchumas

Tá roinnt bealaí ann duit chun cruthúnas ar do mhíchumas a chur ar fáil:

- is féidir le roinnt iarratasóirí tuarascáil atá acu cheana féin a chur isteach,
- d'fhéadfadh go mbeadh ar iarratasóirí eile an Fhoirm Cruthúnas ar Mhíchumas 2026 a fháil arna comhlánú ag an ngairmí ceart,
- chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go gcaithfeadh roinnt chruthúnais a bheith críochnaithe laistigh de chreat ama ar leith.

Seiceáil na táblaí ar leathanaigh 23-26 chun eolas a fháil maidir leis an gcineál/na cineálacha cruthúnais inghlactha is féidir leat a chur ar fáil chun d'iarratas DARE a chomhlánú agus chun tuilleadh eolais a fháil faoi teorannacha ama na dtuarascálacha. Mura bhfuil tú cinnte faoin gcruthúnas a chaithfidh tú a chur ar fáil, cinntigh go ndéanfaidh tú teagmháil le ball den fhoireann DARE.

Tá sonraí teagmhála liostaithe ar leathanach 4.

## Dearbhú ó Dhochtúir Teaghlaigh

Más rud é go bhfuil diagnóis reatha agat ach go bhfuil deacracht agat maidir le rochtain a fháil ar an ngairmí cuí chun deimhniú a fháil den diagnóis reatha nó de thuarascáil uasdátaithe, is féidir leat iarraidh ar do Dhochtúir Ginearálta (DG) Cuid C an fhoirm Cruthúnas ar Mhíchumas a chomhlánú. Ach, tá an méid seo i bhfeidhm:

- Ní mór do do dhochtúir ginearálta diagnóis shoiléir a bheith aige ar do mhíchumas ó dhuine de na speisialtóirí cuí/ ó dhuine de na comhairleoirí cuí atá liostaithe. Ní mór cóip den doiciméad ina bhfuil do dhiagnóis deimhnithe a bheith san áireamh le d'iarratas agus an fíorú DG á úsáid agat.
- Ní mór don doiciméad seo a bheith sínithe agus dátaithe ag an speisialtóir/ag an gcomhairleoir cuí. Más rud é go bhfuil teorainn ama i bhfeidhm, caithfidh an diagnóis nó athdhearbhú den diagnóis ón ngairmí cuí a bheith déanta laistigh den teorainn ama chéanna.
- Ní gá do do DG cóip de do chomhad iomlán a thabhairt duit – is leor doiciméad amháin ina ndeimhnítear do dhiagnóis agus atá laistigh den teorainn ama (más ábhartha).

**Chun críocha DARE, ní ghlactar ach le diagnóisí atá déanta ag speisialtóir/comhairleoir. Ní ghlacfar le diagnóisí arna ndéanamh ag dochtúirí ginearálta amháin agus fágfaidh sé sin go mbeidh tú neamh-incháilithe. Tá Treoirlínte do DGanna chun Cuid C Cruthúnas ar Mhíchumas de Fhoirm DARE a chomhlíonadh ar fáil ag an nasc: www.accesscollege.ie/dare-supportingdocuments.**

## Treoracha Tábhachtacha

Má chuireann tú isteach Tuarascáil Reatha, déan cinnte den mhéid seo:

- gur chomhlánaigh agus gur shínigh an gairmí cuí í AGUS
- go bhfuil sé chomh sonrach agus a iarradh ar Chuid C den Fhoirm Cruthúnas ar Mhíchumas 2025 AGUS
- gur comhlánaíodh í laistigh den teorainn ama chuí AGUS
- go gcuimsítear leis an gcáipéisíocht stampa an ghairmí chuí NÓ go bhfuil sé ar pháipéar ceannteidil NÓ go bhfuil cárta gnó san áireamh léi.



# Cáipéisíocht Fianaise ar Mhíchumas

Cuid D

## Ráiteas Scoile

Sa chás go bhfuil duine ag déanamh iarratas faoin gcatagóir Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta, ba cheart do na hiarratasóirí nach bhfuil Tuarascáil Measúnaithe Síceolaíochta **Cuid D Ráiteas Scoile** a chur isteach chun tacú lena n-iarratais.

Ba cheart don **Mhúinteoir Riachtanas Speisialta Oideachais (RSO)** an ráiteas scoile a chomhlánú agus ba cheart go mbeadh sé sínithe **ag an bPríomhoide/ag an LeasPhríomhoide**. Is féidir cáipéis Chuid D a íoslódáil ó: **www.accesscollege.ie/dare-supportingdocuments.** Ní mór duit freisin Ráiteas Tionchair Oideachasúil a chur isteach le scóir gnóthachtála litearthachta atá dátaithe ar an **1 Feabhra 2024** nó ina dhiaidh sin.

### Treoir maidir le cruthúnas ar do mhíchumas a chur ar fáil


Is treoir é seo chun cuidiú leat a fháil amach cé na cáipéisí tacaíochta a theastaíonn mar chuid de d'iarratas DARE. Moltar go láidir do na hiarratasóirí féachaint ar an gcuid darb ainm "Cruthúnas ar do mhíchumas a chur ar fáil" ar **www.accesscollege.ie** chun na sonraí ar fad a fháil nó chun teagmháil a dhéanamh le ball den Fhoireann DARE chun treoraíocht a fháil.

| Cineál Míchumais | Cáipéisíocht Chuí | Cineál Cleachtóra Ghairmiúil | Aois riachtanach na tuarascála |
|---|---|---|---|
| Neamhord Easnaimh Airde (NEA)/ Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde (NHEA) | Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2026 **NÓ** Tuarascáil reatha. | Síciatraí Comhairleach **NÓ** Síceolaí **NÓ** Néareolaí **NÓ** Leanbhlia. | Caithfidh sé a bheith níos lú ná trí bliana d'aois, i.e. dátaithe tar éis an **1 Feabhra 2023.** |

| Cineál Míchumais | Cáipéisíocht Chuí | Cineál Cleachtóra Ghairmiúil | Aois riachtanach na tuarascála |
|---|---|---|---|
| Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (Siondróm Asperger san áireamh) | Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2026<br>**NÓ**<br>Tuarascáil reatha. | Síciatraí Comhairleach **NÓ** Síceolaí **NÓ** Néareolaí **NÓ** Péidiatraí. | Teorainn aoise ar bith. |
| Dall/Deacrachtaí Radhairc | Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2026<br>**NÓ**<br>Tuarascáil reatha. | Oftailmeolaí<br>**NÓ**<br>Máinlia Oftalmach. | Teorainn aoise ar bith. |
| Bodhar/faoi Allaíre: Déanann an scoláire iarratas faoi CHEANN AMHÁIN de na catagóirí seo a leanas:<br>(A) Iarratasóirí ag a bhfuil closghram<br>(B) Iarratasóirí a fhreastalaíonn ar Scoil do Dhaoine Bodhra<br>(C) Iarratasóirí ag a bhfuil Ionphlandú Cochla. | (A) Iarratasóirí ag a bhfuil closghram: Closghram.<br>(B) Iarratasóirí a fhreastalaíonn ar Scoil do Dhaoine Bodhra: Litir a dheimhníonn tinreamh ó Phríomhoide an Scoile do Dhaoine Bodhra **NÓ** an Fhoirm Cruthúnas ar Mhíchumas 2026.<br>(C) Iarratasóirí ag a bhfuil Ionphlandú Cochla: Tuarascáil reatha a dheimhníonn ionchlannán cochla **NÓ** Foirm Cruthúnas ar Mhíchumas 2026 (i gcás DARE ní ghlactar le tuarascálacha ó mhiondíoltóirí mórshráide). | (A) Iarratasóirí ag a bhfuil closghram: Éisteolaí Diagnóiseach/ Cliniciúil cláraithe le hAcadamh Éireann na nÉisteolaí (IAA) nó Éisteoirí FSS.<br>(B) Scoil do Dhaoine Bodhra: Príomhoide na Scoile do Dhaoine Bodhra.<br>(C) Iarratasóirí ag a bhfuil Ionphlandú Cochla: Comhairleach Cluaise, Sróine agus Scornaí (CSS) NÓ Comhordaithe Cláir Ionphlandaithe Cochla. | Teorainn aoise ar bith. |
| Neamhord Comhordaithe Forbartha (DCD) - Diospraicse | Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2026<br>**NÓ**<br>Tuarascáil reatha. | Teiripeoir Saothair **NÓ** Néareolaí **NÓ** Fisiteiripeoir **NÓ** Péidiatraí. | Teorainn aoise ar bith. |
| Riocht Meabhairshláinte | Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2026<br>**NÓ**<br>Tuarascáil reatha. | Síciatraí Comhairleach ar an gclár speisialtóirí. | Caithfidh sé a bheith níos lú ná trí bliana d'aois, i.e. dátaithe tar éis an **1 Feabhra 2023.** |

| Cineál Míchumais | Cáipéisíocht Chuí | Cineál Cleachtóra Ghairmiúil | Aois riachtanach na tuarascála |
| --- | --- | --- | --- |
| Riocht Néareolaíoch (lena n-áirítear Gortú Inchinne agus Titimeas) | Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2026 **NÓ** Tuarascáil reatha. | Néareolaí **NÓ** Comhairleoir ábhartha eile. | Teorainn aoise ar bith. |
| Míchumas Fisiciúil | Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2026 **NÓ** Tuarascáil reatha. | Comhairleoir Ortaipéideach **NÓ** Comhairleoir ábhartha eile cuí don mhíchumas/ riocht. | Teorainn aoise ar bith. |
| Tinneas Suntasach Leanúnach | Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2026 **NÓ** Tuarascáil reatha. | Comhairleoir Ábhartha/ Speisialtóir atá feiliúnach don mhíchumas/don fhadhb shláinte. | Caithfidh sé a bheith níos lú ná trí bliana d'aois, i.e. dátaithe tar éis an **1 Feabhra 2023.** |
| Neamhord Cumarsáide Urlabhra agus Teanga | Foirm Fianaise ar Mhíchumas 2026 **NÓ** Tuarascáil reatha. | Teiripeoir Urlabhra agus Teanga. | Teorainn aoise ar bith. |
| Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta*<br><br>Déanann an scoláire iarratas faoi CHEANN AMHÁIN de na catagóirí seo a leanas:<br>(A) Iarratasóirí ag a bhfuil Tuarascáil Measúnaithe Shíceolaíoch ina sainaithnítear Disléicse<br>(B) Iarratasóirí ag a bhfuil Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta ach NACH bhfuil Tuarascáil Measúnaithe Shíceolaíoch acu ina sainaithnítear Disléicse. | (A) Iarratasóirí ag a bhfuil Tuarascáil Measúnaithe Shíceolaíoch ina sainaithnítear Disléicse: Tuarascáil Measúnaithe Shíceolaíoch.<br><br>(B) Iarratasóirí ag a bhfuil Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta ach NACH bhfuil Tuarascáil Measúnaithe Shíceolaíoch acu ina sainaithnítear Disléicse: Cuid D Ráiteas Scoile. | (A) Síceolaí<br><br>(B) Múinteoir Riachtanas Speisialta Oideachais (RSO) agus comhshínithe ag an bPríomhoide/ag an Leas-phríomhoide. | Teorainn aoise ar bith. |
| Dioscalcúile/ Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta | Tuarascáil Measúnaithe Shíceolaíoch. | Síceolaí. | Teorainn aoise ar bith. |

***Nóta tábhachtach d'iarratasóirí ar a bhfuil Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta nó Dioscalcúile/Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta**



Caithfear **Tuarascáil Measúnaithe Shíceolaíoch iomlán NÓ Cuid D Ráiteas Scoile** a chur isteach i gcás iarratasóirí ar a bhfuil **Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta**. Chomh maith leis sin, ní mór do na hiarratasóirí ar a bhfuil **Disléicse/ Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta dhá scór gnóthachtála litearthachta** a bheith acu atá ag an 10ú peircintíl nó faoina bun (Scór Caighdeánach de 81 nó faoina bhun) ó thástáil a rinneadh ar an **1 Feabhra 2024** nó ina dhiaidh sin.

Ní mór **Tuarascáil Measúnaithe Shíceolaíoch** iomlán a chur isteach i gcás iarratasóirí ar a bhfuil **Dioscalcúile/ Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta**. Chomh maith leis sin, ní mór do na hiarratasóirí ar a bhfuil **Dioscalcúile/ Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta** scór gnóthachtála uimhearthachta amháin a bheith acu atá ag an 10ú peircintíl nó faoina bun (Scór Caighdeánach de 81 nó faoina bhun) ó thástáil a rinneadh ar an **1 Feabhra 2024** nó ina dhiaidh sin.

D'fhéadfaí na scóir ghnóthachtála sin a fháil ó cheann de na foinsí seo a leanas (nó ó mheascán acu):

- Scóir ó thástáil ghnóthachtála scoilbhunaithe.
- Scóir ó thástálacha gnóthachtála a rinne síceolaí.

Ní mór don tástáil a bheith déanta ar an **1 Feabhra 2024** nó ina dhiaidh sin agus ní mór do na hiarratasóirí ar fad RTO a chur isteach arna chomhlánú ag a scoil.

## Treoracha Tábhachtacha

**Seol an méid seo a leanas; Cuid B - Ráiteas Tionchair Oideachasúil agus Cuid C Doiciméid Cruthúnas ar Mhíchumas agus Cuid D nuair is cuí, chuig Iarratais DARE 2026, CAO, Tower House, Sráid Eglinton, Gaillimh faoin Máirt 10 Márta 2026.**



## Deasc Cabhrach CAO

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Deasc Chabhrach an CAO chun freagraí a fháil ar cheisteanna maidir le hiarratas DARE a chomhlánú. Is é an bealach is simplí chun teagmháil a dhéanamh leis an CAO ná trí chliceáil ar an gcnaipe 'Déan Teagmháil Linn' ag **www.cao.ie**. Mar rogha eile, is féidir leat glaoch a chur ar an té ag an deasc chabhrach ar **091 509 800**.

Ní phléifidh DARE sonraí d'iarratais le haon duine ach amháin leat féin agus le do thuismitheoir(í)/ chaomhnóir(í).

## Roinnt rudaí tábhachtacha le cuimhneamh orthu

- Is minic a thógann sé roinnt míonna chun do cháipéisíocht maidir le Cruthúnas ar Mhíchumas a bhailiú mar sin, cuir tús leis an gcáipéisíocht a bhailiú a luaithe agus is féidir.

- Cloítear go daingean le gach spriocdháta agus ní ghlacfar le cáipéisíocht tar éis an spriocdháta.

- Is tusa an t-iarratasóir, mar sin, tá sé de fhreagracht ortsa a chinntiú gur chomhlánaigh tú d'iarratas DARE ina iomláine, go cruinn agus in am. Níl do scoil freagrach as d'fhoirm iarratais ná as cáipéisíocht a sheoladh ar do shon chuig an CAO.

- Is féidir gach ceann de do mhíchumais a mheasúnú le haghaidh incháilitheachta faoi DARE mar sin, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuireann tú an cháipéisíocht chruinn ar fáil maidir le Cruthúnas ar Mhíchumas i gcás gach cinn de na míchumais a n-insíonn tú dúinn fúthu.


- Ní chuirfear aon chomhfhreagras ó thríú páirtithe san áireamh (m.sh. ó pholaiteoirí, ó fhoirne leighis, na cléire nó ó fhoirne acadúla) a aontaíonn chun canbhasáil a dhéanamh ar do shon agus ní thabharfar freagra ar a leithéid.

- Má theastaíonn comhairle nó treoir uait maidir le haon cheann de na gnéithe de d'iarratas, déan teagmháil le ball den fhoireann DARE (féach leathanach 4 le haghaidh sonraí teagmhála).


- Tá aistriúchán teastasaithe Béarla le seirbhís aistriúcháin ghairmiúil ag teastáil i gcás cáipéisí nár eisíodh i mBéarla ná i nGaeilge ó thús, chomh maith leis na fótachóip theastasaithe A4 de na cáipéisí iad féin.

**Ní mór duit do chuntas ríomhphoist a sheiceáil go rialta le haghaidh fógraí tábhachtacha agus meabhrúcháin thábhachtacha CAO faoi phróiseas an iarratais DARE.**

## Tábhachtach: Cáipéisí a chur sa Phost chuig CAO



- Seol do Ráiteas Tionchair Oideachasúil agus do cháipéisíocht Cruthúnas ar Mhíchumas chuig Iarratais **DARE 2026, CAO, Tower House, Sráid Eglinton, Gaillimh faoin Máirt 10 Márta 2026.**
- Cuir d'uimhir cheart CAO ar gach doiciméad a sheoltar chuig an CAO.
- Cuir uimhir ar gach leathanach agus scríobh d'uimhir iarratais CAO, d'ainm agus an dáta chun tosaigh ar gach leathanach.
- Coinnigh na bunchóipeanna de na doiciméid ar fad chomh maith le cruthúnas ar phostas.
- Is féidir teastas poist a fháil ón bPost.
- Chun deimhniú a fháil gur bhain na doiciméid a phostáil tú an ceann scríbe amach slán in CAO, iaigh cárta poist stampáilte, a bhfuil do sheoladh air le do cháipéisíocht.
- **Ní dhéanfaidh DARE teagmháil leat maidir le cáipéisíocht atá in easnamh, neamhiomlán nó míchruinn mar sin, cinntigh go bhfuil na cáipéisí ar fad a iarradh curtha ar aghaidh agat faoin Máirt 10 Márta 2026. Déan teagmháil le comhairleoir DARE más rud é go bhfuil aon cheist agat sula gcuirfidh tú do cháipéisíocht isteach.**



# Chéad Chéimeanna Eile sa Phróiseas Iarratais

## Céard a tharlóidh ansin?

Nuair a chuirfidh tú do cháipéisíocht Cruthúnas ar Mhíchumas agus do Ráiteas Tionchair Oideachasúil ar fáil, déanfar measúnú ar d'iarratas agus rialófar toradh d'iarratais. Rialófar toradh d'iarratais, .i. más rud é go bhfuil tú incháilithe nó neamh-incháilithe le haghaidh DARE, trína dheimhniú an gcomhlíonann tú critéir cháilitheachta DARE. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na critéir DARE a bhaineann le do mhíchumas féach **www.accesscollege.ie/dare.**

## Cén chaoi a ndéantar m'iarratas a mheas?

**Le bheith incháilithe le haghaidh DARE, ní mór go raibh tionchar diúltach ag do mhíchumas ar d'oideachas dara leibhéal.**

**Déanfar d'iarratas a mheasúnú le haghaidh dhá rud:**

- Gur chuir tú ar fáil an cháipéisíocht chuí Cruthúnas ar Mhíchumas agus go gcomhlíonann sé na critéir DARE.
- Gur chuir tú ar fáil an Ráiteas Tionchair Oideachasúil agus go gcomhlíonann sé critéir DARE, .i. go gcomhlíonann tú an meascán ceart de tháscairí tionchair oideachais.

Is iad Boird Comhairle Míchumais DARE a d'fhorbair an cháipéisíocht Cruthúnas ar Mhíchumas, lena gcuimsítear gairmithe coláiste, comhairleoirí agus speisialtóirí i ngach réimse míchumais, ionadaithe ó chomhlachtaí gairmiúla agus rialúcháin agus ionadaithe ó eagraíochtaí saineolais.

Is é Bord Comhairle Tionchair Oideachais DARE a d'fhorbair na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag míchumas ar oideachas, lena gcuimsítear gairmithe coláiste, síceolaí oideachais, teiripeoirí saothair, comhairleoirí treorach, múinteoir tacaíochta foghlama agus leas-phríomhoide.

## Céard a tharlóidh más rud é go bhfuil mé incháilithe le haghaidh DARE?

- Is féidir leat dul san iomaíocht le haghaidh ceann de na háiteanna laghdaithe pointí atá ar fáil i gcoláistí agus in ollscoileanna atá páirteach i DARE.
- Is é CAO a dhéanann gach tairiscint cúrsa DARE.

- Ní mór duit na bunriachtanais iontrála agus cúrsa a chomhlíonadh ionas go ndéanfar machnamh ort le haghaidh ceann de na háiteanna pointí laghdaithe.
- Is féidir sonraí a fháil faoi na háiteanna atá ar fáil agus faoi na bunriachtanais iontrála do chúrsa ar **www.accesscollege.ie.**

## Céard a tharlóidh más rud é nach bhfuil mé incháilithe le haghaidh DARE?

- Cuirfear in iúl duit an fáth a raibh d'iarratas neamh-incháilithe.
- Is féidir leat áit a fháil i gcoláiste má chomhlíonann tú na riachtanas iontrála don chúrsa atá roghnaithe agat.
- Is féidir leat úsáid a bhaint as réimse tacaíochtaí acadúla, pearsanta agus sóisialta fós le linn duit a bheith ag staidéar ag tríú leibhéal.

## Tá mé neamh-incháilithe – an bhféadfainn athbhreithniú ar m'iarratas a iarraidh?

Úsáideann DARE próiseas Athbhreithnithe agus Achomharc lena chinntiú go gcaitear le gach iarratasóir DARE go cothrom agus gur cuireadh na nósanna imeachta measúnaithe i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Tá tuilleadh eolais faoin bpróiseas Athbhreithnithe agus Achomharc ar fáil ag:
**www.accesscollege.ie/dare/review-appeals.**

## Foireann DARE (sonraí teagmhála ar leathanach 4)

I ngach coláiste rannpháirteach tá ball foirne atá in ann comhairle a chur ort maidir le hiarratas a dhéanamh ar DARE. Dá mba mhaith leat labhairt le duine faoi d'iarratas DARE, déan teagmháil le ball ar bith den fhoireann DARE. I dteannta leis sin, eagraíonn DARE Laethanta Eolais faoi Iarratais gach bliain. Is deiseanna iad Laethanta Eolais faoi Iarratais duitse agus/nó do do thuismitheoir/thuismitheoirí agus/nó do do chaomhnóir/chaomhnóirí casadh le ball den fhoireann DARE chun plé a dhéanamh ar d'iarratas. Foilseofar tuilleadh eolais faoin Lá Eolais faoi Iarratais in 2026 ar www.accesscollege.ie.

## Ceisteanna Coitianta

Ní gá duit a bheith incháilithe le haghaidh DARE chun tacaíocht a fháil sa choláiste. Is féidir le gach scoláire ar a bhfuil míchumas úsáid a bhaint as réimse tacaíochtaí acadúla, pearsanta agus sóisialta fós le linn duit a bheith ag staidéar ag tríú leibhéal, beag beann ar an scoláire teacht trí DARE. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin tacaíocht atá ar fáil i gcoláiste ag **www.accesscollege.ie.**

# Téarmaí agus Coinníollacha Iarratais DARE

Le cur isteach ar DARE, caithfear aontú le Téarmaí agus Coinníollacha DARE thíos:

Deimhním gur léigh mé na téarmaí agus coinníollacha agus go nglacaimse leo de réir mar atá siad leagtha amach ach 'tá' a chliceáil. Toilím gur féidir mo chuid sonraí a úsáid mar a shonraítear sna téarmaí agus coinníollacha.

1. Léigh, thuig agus leanfaidh mé rialacha agus riachtanais an iarratais mar a shonraítear i Lámhleabhar Iarratais DARE.

2. Tuigim go bhfuil sé de fhreagracht ormsa (agus ní ar mo thuismitheoirí, ar mo chaomhnóirí, ná ar aon duine eile) a chinntiú go gcuirtear isteach gach cuid de m'iarratas DARE go hiomlán agus go cruinn laistigh de spriocdhátaí DARE. Mura ndéantar amhlaidh, beidh tionchar diúltach aige sin ar m'iarratas DARE.

3. Tuigim an méid seo a leanas:
    a. breathnófar ar eolas a chuirtear ar fáil ar m'fhoirm iarratais DARE faoin 1 Márta 2026,
    b. ar cáipéisíocht a fuair an CAO faoin Máirt 10 Márta 2026 agus, nuair is cuí,
    c. ar aon cháipéisíocht bhreise a iarrann DARE laistigh den sprioc-am a shonraítear,
    d. agus ar aon eolas eile a mheasann DARE a bheith ábhartha, agus toradh m'iarratas DARE á mheas.

4. Ní ghlacfaidh an CAO ná na hinstitiúidí DARE rannpháirteacha aon fhreagracht as aon chaillteanas ná cruatan a thagann chun cinn de bharr gur theip ar an iarratasóir eolas iomlán agus cruinn ag an am cuí.

5. Tuigim go bhféadfaí gach píosa eolais a chuirtear ar fáil mar chuid de m'iarratas DARE a fhíorú nó a shoiléiriú, agus gur féidir le DARE cáipéisíocht bhreise a iarraidh uaim maidir le haon ghné de m'iarratas. Mura gcuirfear aon cháipéisíocht bhreise ar fáil laistigh de na spriocdhátaí sonraithe, fágfaidh sé sin go mbeidh mé neamh-incháilithe le haghaidh DARE.

6. Tuigim gur féidir le DARE iarraidh orm freastal ar mheasúnú le gairmí neamhspleách (nó nuair is gá, le roinnt gairmithe neamhspleácha), chun mé a ainmniú mar chuid de mhachnamh DARE ar m'iarratas agus:

a. Go gclúdóidh DARE costas an mheasúnaithe sin agus aon chostas réasúnta a d'fhéadfadh a bheith orm mar gheall gur fhreastail mé air. Is faoi DARE a bheidh sé a dheimhniú an bhfuil na costais sin réasúnta.
b. Mura bhfreastalóidh mé ar an tástáil laistigh de na sprioc-amanna sonraithe, beidh mé neamh-incháilithe le haghaidh DARE.

7. Tuigim, má ghlacaim háit le DARE, go mbeidh sé mar choinníoll go gcaithfidh mé clárú le Seirbhís Míchumais na hinstitiúide ardoideachais rannpháirtí a bhfuair mé cead iontrála isteach inti, agus glacaim le sceideal cruinnithe leis an tseirbhís sin. Glacaimse, má theipeann orm clárú nó freastal ar chruinnithe sceidealaithe leis an tSeirbhís Míchumais gan cead a fháil ón tseirbhís roimh ré, go bhféadfadh sé go dtógfaí uaim an áit pointí laghdaithe DARE.

8. Sa chás go bhfaighfí amach go ndearna mé dearbhuithe bréagacha, nó má fhaightear amach go ndearna aon duine eile dearbhuithe bréagacha mar chuid de m'iarratas DARE, tuigim go mbeidh mé neamh-incháilithe le haghaidh DARE. Tuigim freisin go gcosnaíonn na hinstitiúidí ardoideachais rannpháirteacha DARE an ceart gan machnamh a dhéanamh ar m'iarratas, agus/nó chun aon tairiscint áite a chur ar ceal aon uair a fhaightear amach, tar éis don iarratas a chur isteach chuig ardoideachas, gur cuireadh eolas míthreorach ar fáil i m'iarratas DARE.

9. Tuigim go n-úsáidfidh na hInstitiúidí Ard-Oideachais rannpháirteacha, na gníomhairí atá ag gníomhú ar son na nInstitiúidí céanna nó an CAO sonraí i m'iarratas DARE chun críocha taighde agus anailíse, ach go ndéanfar na sonraí sin a anaithnidiú agus nach mbeidh aon chuid de mo shonraí pearsanta inaitheanta dá bhfoilseofaí í.

10. Dearbhaím go bhfuil gach píosa eolais a chuir mé ar fáil i m'iarratas DARE cruinn agus fíor.



# Bí ar an eolas

## Ar chuimhnigh tú ar...

### Bealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR)

Ba cheart duit cur isteach ar HEAR agus ar DARE araon má bhaineann siad leat. Is ionann HEAR agus scéim mhalartach iontrálacha tríú leibhéal a chuireann áiteanna ar fáil ar pointí laghdaithe agus a thugann tacaíocht choláiste bhreise do na daoine a d'fhág an scoil atá ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann agus atá faoi ghannionadaíocht de bharra gcúinsí socheacnamaíocha. Le tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig **www.accesscollege.ie.**

### An féidir liom cur isteach ar DARE agus ar HEAR? Is féidir

**Má tá mé incháilithe do DARE & do HEAR araon:**

Tugadh chun solais i dtaighde go bhfuil na dúshláin is mó roimh an scoláire faoi mhíchumas ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste i gcás dul chun cinn in ardoideachas. Chun líon na scoláirí roimh a bhfuil an 'míbhuntáiste dúbailte seo' a mhéadú in ardoideachas, chomhaontaigh na comhghleacaithe atá páirteach in DARE agus HEAR chun tús áite a thabhairt don ghrúpa seo agus áiteanna pointí laghdaithe á leithdháileadh acu.



# Nithe le Cuimhneamh Orthu

## Tarscaoilte teanga

Is próisis éagsúla iad iarratas a dhéanamh ar DARE agus iarratas a dhéanamh ar tharscaoileadh teanga. Mar sin, ní mór d'iarratasóirí DARE a dteastaíonn tarscaoileadh teanga uathu iarratas a dhéanamh chuig na comhlachtaí ábhartha. Féach **www.accesscollege.ie/dare/help** le haghaidh tuilleadh sonraí.

## Sláinte le gairm a chleachtadh

Ní mór don scoláire ar na cúrsaí sláinte/ múinteoireachta is gairmiúla foirm dearbhaithe leighis a chomhlánú a dheimhníonn nach bhfuil míchumas air/nach bhfuil fadhb shláinte shuntasach aige a d'fhéadfadh moill nó bac a chur air an clár gairmiúil a thosú ná a chur i gcrích.

Tuilleadh eolais ar fáil ó **www.accesscollege.ie/dare/help/**



# Dátaí Tábhachtacha d'Iarratas DARE

## ! Ó mhí na Samhna bailigh cáipéisí tacaíochta go luath

- Cuir do Ráiteas Tionchair Oideachasúil i gcrích le do scoil.
- Cinntigh gur chomhlánaigh an gairmí leighis/oideachais cuí an cháipéisíocht Cruthúnas ar Mhíchumas:
  - Laistigh de thrí bliana anuas más ábhartha.
    (Féach ar leathanaigh 23-26 chun teorannacha aoise na dtuarascálacha a fháil.)
  - go bhfuil an cháipéisíocht sínithe AGUS stampáilte **NÓ**
    ar pháipéar ceannteidil NÓ gur cuireadh isteach an cháipéisíocht i dteannta le cárta gnó.
- Cuireann iarratasóirí ar a bhfuil Disléicse/Deacrachtaí Suntasacha Litearthachta tuarascáil measúnaithe síceolaíochta iomlán isteach d'aois ar bith NÓ Cuid D **AGUS** scóir ghnóthachtála ata dátaithe ar an **1 Feabhra 2024** nó ina dhiaidh sin.
- Cuireann iarratasóirí ar a bhfuil Dioscalcúile/Deacrachtaí Suntasacha Uimhearthachta tuarascáil measúnaithe síceolaíochta iomlán isteach d'aois ar bith **AGUS** scóir ghnóthachtála ata dátaithe ar an **1 Feabhra 2024** nó ina dhiaidh sin.

## ! Déan iarratas ar CAO faoin 1 Feabhra 2026 ag 17:00

- Téigh chuig **www.cao.ie** agus cliceáil Déan Iarratas.

## ! Comhlánaigh an Fhoirm Eolais Bhreise ar Líne faoin Domhnach 1 Márta 2026 ag 17:00

- Tabhair 'TÁ' mar fhreagra ar Cheist 1 'An bhfuil tú ag iarraidh go ndéanfaí machnamh ort le haghaidh DARE?' ar an bhFoirm Eolais Bhreise (FEB) faoin **Domhnach 1 Márta 2026** ag 17:00.
- Más rud é go bhfuil tú ag déanamh iarratas chun d'incháilitheacht DARE a thabhairt ar aghaidh ó 2025 go dtí 2026, tabhair d'uimhir iarratais CAO 2025 faoi cheist 1 (b) (féach leathanach 12).
- Sábháil agus cuir isteach d'iarratas.

## Seol do cháipéisí tacaíochta chuig CAO faoin Máirt 10 Márta 2026 ag 17:00

- Cuir uimhir ar gach leathanach agus scríobh d'uimhir iarratais CAO, d'ainm agus an dáta chun tosaigh ar gach doiciméad a chuirtear chuig CAO.
- Coinnigh na bunchóipeanna de na doiciméid ar fad chomh maith le cruthúnas ar phostas.
- Ní dhéanfaidh DARE teagmháil leat maidir le cáipéisíocht atá in easnamh, neamhiomlán nó míchruinn mar sin, cinntigh go bhfuil na cáipéisí ar fad a iarradh curtha ar aghaidh agat faoin **Máirt 10 Márta 2026 ag 17:00.** Déan teagmháil le comhairleoir DARE más rud é go bhfuil aon cheist agat sula gcuirfidh tú do cháipéisíocht isteach.



HEA | HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS

An Roinn Oideachais
Department of Education

CAO
www.cao.ie

Seol do cháipéisí tacaíochta chuig:

Iarratais DARE 2026
CAO, Tower House, Sráid Eglinton, Gaillimh

faoin Máirt 10 Márta 2026.

DARE | DISABILITY ACCESS ROUTE TO EDUCATION